



*Scrúdú na
hArdteistiméireachta, 2012*

***Gaeilge
Gnáthleibhéal***

Páipéar II

200 MARC

**Dé Máirt
12 Meitheamh
Maidin, 9.30 go dtí 11.50**

Treoracha d'iarrthóirí ar leathanach 3

Léigh na treoracha ar leathanach 3

Treoracha d'iarrthóirí

*Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.
Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.*

FREAGAIR GACH CEIST (1, 2 AGUS 3).

Ceist 1: LÉAMHTHUISCINT: A (lch 4 & 5)
agus
B (lch 6 & 7)

Ceist 2: PRÓS: AINMNITHE (A) (lch 8)
nó
ROGHNACH (B) (lch 8)

Ceist 3: FILÍOCHT: AINMNITHE (A) (lch 9 & 10)
nó
ROGHNACH (B) (lch 11)

Freagair A agus B anseo.

A – (50 marc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna ar fad a ghabhann leis.

Evanne Ní Chuilinn: Guth Úr Nua i Roinn Spóirt RTÉ

1. Rugadh agus tógadh Evanne Ní Chuilinn i mBanford in aice le cathair Chill Chainnigh. Is as Dún Garbhán sna Déise dá máthair agus is as an gCabhán dá hathair. Thóg sí léi dúil a hathar sa pheil agus grá a máthar don Ghaeilge. Chuaigh Evanne ar Ghaelscoil Osraí ar dtús. D'fhreastail sí ar Mheánscoil Chlochár na Toirbhearta i gCill Chainnigh, áit a raibh a hathair mar phríomhoide ar feadh tamaill.
2. Rinne tuismitheoirí Evanne cinnte de go bhfuair sí taithí mhaith sa cheol, sa spórt agus sa Ghaeilge agus í ag fás aníos. D'imir sí camógaíocht; ghlac sí páirt sa ghleacaíocht. D'fhoghlaim sí an chláirnéid agus sheinn sí le Ceolfhoireann Chill Chainnigh. Tá suim aici sa cheol clasaiceach agus sa snagcheol. Bhí múinteoir Gaeilge iontach aici sa mheánscoil agus ghlac an rang páirt i gComórtais Díospóireachta Ghael Linn. Chabhraigh an taithí a fuair sí ag na díospóireachtaí léi níos déanaí ina cuid oibre.
3. Bhain Evanne céim amach sa Chumarsáid agus sa Fhraincis in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Ina dhiaidh sin rinne sí cúrsa san Iriseoireacht agus sa Chumarsáid Ghaeilge in Ollscoil na hÉireann i nGaillimh. Mar chuid dá taithí oibre chuaigh sí ag obair le TG4 agus le hAdare Productions. Chuir sí eolas ar chraoladh an spóirt agus ar úsáid na Gaeilge ar an teilifís. D'oibrigh sí ar chlár a rinne TG4 faoi na Cluichí Oilimpeacha in 2004.
4. In 2006 fuair sí post le RTÉ. Thosaigh sí ag obair leis an OB (Craoltóireacht Sheachtrach) ag déanamh tuairiscí ar mhionchluichí ar fud na tíre. An chéad bhliain eile bhí sí i mbun craoltóireacht bheo sa chlár *Touchline*, post a thug seans di a cumas mar chraoltóir a léiriú.



Tamall ina dhiaidh sin thosaigh sí ag cur i láthair mír spóirt ar *News 6.1*. Ar na tuairiscí tosaigh a rinne sí bhí cur síos ar chluiche leathcheannais na hiomána i gCúige Laighean nuair a bhuaigh Loch Garman ar Chill Chainnigh. D'fhoghlaim sí ceacht an lá sin, a deir sí. Bheadh uirthi a bheith neodrach ina tuairiscí, gan aon rian de mhothú ná de phian ná de dhíomá a thaispeáint don lucht féachana, fiú má chaill a foireann féin.

5. Is iad a tuismitheoirí na laochra is mó ina saol agus tá sí an-bhuíoch díobh as na seansanna éagsúla a thug siad di agus í óg. Luann sí an tIar-Uachtarán Máire Mhic Giolla Íosa mar dhuine eile a chuaigh go mór i bhfeidhm uirthi. Ní haon iontas gurb é Brian Cody, bainisteoir fhoireann iomána Chill Chainnigh, a laoch spóirt. Tá agallamh curtha aici ar chuid mhór daoine a bhíonn páirteach sa spórt. Chuaigh Kieran Behan i bhfeidhm go mór uirthi. Tá Kieran tar éis cáiliú do na comórtais ghleacaíochta sna Cluichí Oilimpeacha. Chaith Kieran tamall i gcathaoir rothaí, agus dúirt dochtúirí leis go raibh baol ann nach siúlfadh sé arís. Sin an spiorad is ceart dúinn go léir a thaispeáint nuair a bhímid i gcruachás, dar le hEvanne.

Bunaithe ar alt sa nuachtán míosúil
Saol na Gaeilge

1. (a) Cad as do thuismitheoirí Evanne Ní Chuilinn?
(b) Luaigh an **dá** scoil ar fhreastail sí orthu. 10 marc
2. (a) Cén cineál ceoil is maith léi?
(b) Cén rud a rinne sí ar scoil a chabhraigh léi níos déanaí? 10 marc
3. (a) Cén teanga a ndearna sí staidéar uirthi agus í ar an ollscoil i mBaile Átha Cliath?
(b) Cén **dá** chomhlacht lena bhfuair sí taithí oibre? 10 marc
4. Tabhair **dhá** phíosa eolais faoina cuid oibre le RTÉ. 10 marc
5. (a) Cé hiad na laochra is mó ina saol?
(b) Cén fath a bhfuil meas mór ag Evanne ar Kieran Behan? 10 marc

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

Dáithí Ó hEithir: Laoch Óg Leadóige.

- 1 Rugadh Dáithí Ó hEithir (nó David O'Hare mar is fearr aithne air) i mBaile an Teampaill i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1990. Is imreoir óg leadóige é atá ag freastal ar Ollscoil Memphis Tennessee sna Stáit Aontaithe. Tá Dáithí sé troithe ceithre orlach ar airde agus tá freastal an-láidir aige. Tá scoláireacht spóirt aige mar léirigh sé tallann iontach sa leadóg ó bhí sé ina bhuachaill óg. Bhí sé uaigneach nuair a chuaigh sé go Meiriceá ar dtús ach tá sé sona ann anois. Is é Dáithí an t-imreoir is fearr ar fhoireann leadóige na hollscoile agus, mar sin, bíonn air imirt i gcoinne na n-imreoirí is fearr as na coláistí eile. Is minic a bhíonn sé deacair an bua a fháil, a deir sé, ach tá sé ag imirt go maith agus ag feabhsú an t-am go léir.
- 2 D'fhreastail Dáithí ar dhá ghaelscoil i mBaile Átha Cliath, Scoil Naithí agus Coláiste Eoin. Nuair a bhí sé níos óige d'imir Dáithí peil ghaelach le Scoil Naithí agus bhuaigh sé craobh na mbunscoileanna i bPáirc Pharnell. D'imir sé sacar ar feadh píosa agus léirigh Manchester United suim ann. Faoin am ar thosaigh sé i gColáiste Eoin, áfach, ba í an leadóg an spórt ab fhearr leis. Thaitin Coláiste Eoin go mór leis. Nuair a bhí sé san Idirbhliain tugadh cead speisialta dó a bheith déanach ar scoil gach maidin toisc go mbíodh sé ag traenáil go luath ar maidin roimh am scoile in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.
- 3 Imríonn a mhuintir go léir leadóg agus is breá leo í mar chluiche. D'imir a bheirt deartháireacha agus a dheirfiúr le foireann Laighean. Le club leadóige Theach Mealóg a thosaigh Dáithí ag imirt ar dtús ach ansin bhog sé go club Fitzwilliam nuair a bhí sé cúig bliana déag d'aois. Chuaigh sé chomh fada le cluiche ceannais na hÉireann i gcomórtas na sóisear agus, cé nár bhuaigh sé an lá sin, roghnaíodh ar fhoireann traenála na hÉireann é. Xavier de Castro a bhí á thraenáil agus fuair sé áit do Dháithí i gcampa leadóige Carlos Moyá. Bhí Moyá ar an imreoir ab fhearr ar domhan sa bhliain 2002 i ndiaidh ré Pete Sampras. Chaith Dáithí mí ann ag foghlaim a cheirde ó Mhoyá.
- 4 Ghortaigh Dáithí a lámh an bhliain dár gcionn agus ní raibh sé abálta leadóg a imirt. D'fhill sé ar Choláiste Eoin chun an Ardteistiméireacht a dhéanamh. Chuaigh sé ar ais ag imirt tar éis na scrúduithe agus chaith sé sé mhí ag imirt i gcomórtais phroifisiúnta. De bharr na dtorthaí maithe sna comórtais sin fuair sé scoláireacht agus bhog sé go Memphis. Is breá le Dáithí an saol atá aige san ollscoil cé go mbíonn an traenáil dian go leor. Tá áiseanna iontacha san ollscoil chomh maith le togha na traenála agus bíonn deiseanna aige cleachtadh le himreoirí gairmiúla.
- 5 Tá cuireadh faighte aige dul ag imirt le club sa Ghearmáin an samhradh seo. Gheobhaidh sé €800 do gach cluiche a imríonn sé má éiríonn go maith leis. Tá sé mar aidhm ag Dáithí áit a bhaint amach ar fhoireann na hÉireann a bheidh ag glacadh páirte i gcomórtas idirnáisiúnta Chorn Davis.



Bunaithe ar alt sa nuachtán míosúil
Saol na Gaeilge

1. (a) Cá bhfuil Dáithí ar an ollscoil anois?
(b) Cén airde é? 10 marc
2. (a) Luaigh **dhá** spórt eile seachas an leadóg a d'imir Dáithí.
(b) Cá mbíodh Dáithí ag traenáil agus é san Idirbhliain? 10 marc
3. (a) Luaigh **dhá** chlub leadóige ar imir Dáithí leo.
(b) Cá fhad a chaith sé i gcampa leadóige Mhoyá? 10 marc
4. (a) Cén fáth ar fhill Dáithí ar Choláiste Eoin?
(b) Luaigh **dhá** bhuntáiste atá ag Dáithí in Ollscoil Memphis. 10 marc
5. (a) Cad a bheidh ar siúl ag Dáithí an samhradh seo?
(b) Cén aidhm atá ag Dáithí? 10 marc

Freagair A (Prós Ainmnithe) nó B (Prós Roghnach).

A

– PRÓS AINMNITHE –

[50 marc]

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) “Bean tí den scoth a bhí i Lisín ... Agus bhí Lisín sásta ...” *Hurlamaboc*

Tabhair achoimre ar an scéal seo. Luaigh na pointí seo:

- (i) Déan cur síos ar Lisín.
- (ii) Luaigh an gaol a bhí aici lena fear céile agus lena mic.
- (iii) Cad a bhí á cheiliúradh sa chlann?
- (iv) Cad iad na hullmhúcháin a rinne sí don cheiliúradh seo?
- (v) Conas a chaith sí a cuid ama de ghnáth?
- (vi) Luaigh fáth **amháin** ar/nár thaitin Lisín leat.

(25 mharc)

- (b) “Niamh Chinn Óir is ainm dom ... is mé iníon Rí na nÓg, ... tháinig mé le grá do do mhac féin, Oisín.”
Oisín i dTír na nÓg

Inis cad a tharla d’Oisín ina dhiaidh sin sa scéal go dtí gur fhill sé ar Ghleann na Smól.

(25 mharc)

B

– PRÓS ROGHNACH –

[50 marc]

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) Maidir le **sliocht as úrscéal** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair **cuntas** ar an bpríomhphearsa (bpríomhcharachtar) ann. (23 mharc)

Ní mór teideal an úrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir.

(2 mharc)

- (b) Maidir le **scéal béaloidis** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair **cuntas** ar na príomhimeachtaí (rudaí) a tharla sa scéal sin. (23 mharc)

Ní mór teideal an scéil sin a scríobh síos go soiléir.

(2 mharc)

Freagair A (Filíocht Ainmnithe) nó B (Filíocht Roghnach).

A

– FILÍOCHT AINMNITHE –

[50 marc]

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) (i) (a) Cad as don ainmhí seo? (*Géibheann* thíos)
 (b) Cá bhfuil an t-ainmhí anois, dar leat?
 (c) Cad a rinne an t-ainmhí uair amháin?
 (d) Cad a dhéanann an t-ainmhí anois? (8 marc)
- (ii) Luaigh **dhá** mhothúchán atá sa dán.
 Déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar an dá mhothúchán sin sa dán. (8 marc)
- (iii) Ar thaitin an dán seo leat? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (9 marc)

Géibheann

Ainmhí mé

ainmhí allta
 as na teochreasa
 a bhfuil cliú agus cáil
 ar mo scéimh

chroithfinn crainnte na coille
 tráth
 le mo gháir

ach anois
 luím síos
 agus breathnaím trí leathshúil
 ar an gcrann aonraic sin thall

tagann na céadta daoine
 chuile lá

a dhéanfadh rud ar bith
 dom
 ach mé a ligean amach

- (b) (i) (a) Conas atá an aimsir sa dán seo? (*An tEarrach Thiar* thíos)
(b) Cén dath a bhí ar an bhfeamainn?
(c) Cá bhfios duit go raibh an iascaireacht go maith?
(d) Cathain a d'fhill na hiascairí ar an gcladach? (8 marc)
- (ii) Luaigh **dhá** íomhá (phictiúr) atá sa dán.
Déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar an dá íomhá sin sa dán. (8 marc)
- (iii) An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (9 marc)

An tEarrach Thiar

Fear ag glanadh cré
De ghimseán spáide
Sa gciúnas shéimh
I mbrothall lae:
Binn an fhuaim
San Earrach thiar.

Fear ag caitheamh
Cliabh dhá dhroim,
Is an fheamainn dhearg
Ag lonrú
I dtaitneamh gréine
Ar dhuirling bháin.
Niamhrach an radharc
San Earrach thiar.

Mná i locháin
In íochtar diaidh-thrá,
A gcótaí cnaptha,
Scáilí thíos fúthu:
Támh-radharc síothach
San Earrach thiar.

Toll-bhuillí fanna
Ag maidí rámha
Currach lán éisc
Ag teacht chun cladaigh
Ar ór-mhuir mhall
I ndeireadh lae;
San Earrach thiar.

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) (i) Maidir le dán nua-aimseartha **amháin** a chum **bean** agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, inis **i d'fhocail féin**, cad is téama don dán sin, dar leat. (8 marc)
- (ii) Roghnaigh **dhá** mhothúchán a úsáideann an file sa dán seo agus déan cur síos orthu **i d'fhocail féin**. (8 marc)
- (iii) Ar thaitin an dán leat? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (7 marc)
- Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go soiléir.* (2 mharc)
- (b) (i) Maidir le dán nua-aimseartha **amháin** a chum **fear** agus a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, inis cén mothúchán is mó atá sa dán, dar leat. Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth) (8 marc)
- (ii) Roghnaigh **dhá** íomhá (phictiúr) a úsáideann an file sa dán seo agus déan cur síos orthu **i d'fhocail féin**. (8 marc)
- (iii) An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (7 marc)
- Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go soiléir.* (2 mharc)

Leathanach Bán